

An Rannóg Beartas
Curaclaim agus Measúnachta,
An Roinn Oideachais agus
Scileanna, Bloc 2, Sráid
Maoilbhríde,
Baile Átha Cliath 1



Curriculum and Assessment
Policy Unit,
Department of Education
and Skills, Block 2
Marlborough Street,
Dublin 1

☎ (01) 8892700

☎ (01) 8892040

A Phríomhoide, a chara

Ag teacht leis na forálacha i gCiorclán 0025/2012 maidir le forfheidhmiú na Straitéise Náisiúnta Litearthachta agus Uimhearthachta in iar-bhunscoileanna, tá Príomhoidí na n-iar-bhunscoileanna freagrach as ainmneacha na mac léinn a bhfuil sé deimhnithe go bhfuil siad curtha ar an rolla acu a chur in iúl do Phríomhoidí na mbunscoileanna cuí. Ar an eolas seo a bheith faighte aige/aici, aistríonn an Príomhoide bunscoile tuairisc an mhic léinn chuig an iar-bhunscoil.

Ceanlaítear ar Phríomhoide gach aon bhunscoile cóip den chárta tuairisce dheireadh bliana a sheoladh chuig an iar-bhunscoil a n-aistríonn an mac léinn chuici (Ciorclán 0056/2011). Ní chuirtear an t-eolas seo ar fáil go dtí go mbíonn glactha le rollú an mhic léinn san iar-bhunscoil.

Tá an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM) tar éis sraith nua ábhar a fhorbairt mar thaca le tuairisciú agus aistriú shonraí na ndaltaí ó na bunscoileanna go dtí na hiar-bhunscoileanna. Tá na hábhair sin curtha i láthair faoin scáth-theideal ‘Pas Oideachais’ agus tá siad ar fáil ag www.ncca.ie/transfer.

Tá sé curtha in iúl do bhunscoileanna (Ciorclán 0045/2014) go bhfuil cead acu a dteimpléid reatha chárta tuairisce CNCM, nó cuid de na hábhair nua Phas Oideachais nó iad go léir, a úsáid chun tacú le tuairisciú agus aistriú shonraí mac léinn don scoilbhliain **2013/2014**. Is ceart an cárta tuairisce a sheoladh chuig an iar-bhunscoil chuí nuair a dheimhníonn an iar-bhunscoil go bhfuil an mac léinn curtha ar an rolla agus, mar chéadrogha, faoi dheireadh mhí Mheithimh.

Tá an CNCM tar éis an cárta tuairisce/aistrithe caighdeánach a fhorbairt, tar éis dóibh gabháil le pléanna le páirtithe leasmhara ar feadh tréimhse fada, chun críche dá chuspóir a bhaint amach, tuairisc a thabhairt do thuismitheoirí, agus sonraí mac léinn a aistriú go hiar-bhunscoileanna tar éis a rollaithe.

Ó 2014/15 amach beidh ar bhunscoileanna ábhair an Phas Oideachais a úsáid. Orthu seo, áirítear:

- Teimpléad Caighdeánach an Chárta Tuairisce do Rang 6.
- An bhileog dar teideal Mo Phróifíl atá le comhlánú ag daltaí bunscoile roimh dóibh í a chur ar a súile dá dtuismitheoirí/caomhnóirí.
- An bhileog dar teideal Próifíl Mo Linbh atá le comhlánú ag thuismitheoirí/caomhnóirí. Féadann thuismitheoirí Próifíl Mo Linbh a chomhlánú más mian leo sin a dhéanamh.

Tá tuilleadh sonraí faoi shocruithe aistrithe ar fáil ag www.ncca.ie/transfer. Tabhair faoi deara go gcuimsíonn ábhair an Phas Oideachais freisin doiciméid teimpléid a bhfuil cead ag iar-bhunscoileanna iad a úsáid chun tacú le próiseas aistrithe shonraí na ndaltaí.

Eiseofar tuilleadh faisnéise i dtaobh na riachtanas do 2014/15 in am trátha.

Meabhraítear d'iar-bhunscoileanna, ós rud é go bhfuil fáil acu ar an gcárta tuairisce ar eolas faoina bhfuil foghlamtha ag na daltaí faoi ghnéithe éagsúla den churaclam agus faoina dtorthaí rang-chaighdeánaithe tástála, nach gá scrúduithe/measúnuithe scoile a chur ar mhic léinn atá ag teacht isteach sa chéad bhliain. Tá sé curtha ar ár súile dúinn go bhfuil sé de nós ag cuid de na hiar-bhunscoileanna na tástálacha seo a chur ar mhic léinn atá le teacht isteach agus iad sa séú rang. Cuireann sé seo isteach gan ghá ar scoilbhliain na bunscoile.

Breda Naughton

Príomhoifigeach

Lúnasa 2014